




fionnadh



cleite



iall



muc

An Fiosraitheoir

TASC 1:

An bhfuil peata agat féin nó ar mhaith leat peata? Cuir síos ar do pheata nó ar an bpeata ba mhaith leat.

TASC 2:

Tá madra ag Róisín. Ainmnigh 5 ainmhí eile.



TAISCE TUISCEANA



Peata Róisín

Peata Róisín

Is breá le Róisín peataí. Tá gach peata difriúil. Bíonn siad beag agus mór, ciúin agus torannach, tapa agus mall, ramhar agus tanaí. Tá **fionnadh** ar chuid acu. Tá **cleití** ar chuid acu. Tá a lán cos ar chuid acu agus tá cuid acu gan cos ar bith.

Tá peata beag ag Róisín agus tá ceithre chos air. Tá fionnadh dubh agus bán air agus tá eireaball fada air. Bíonn sé ciúin an chuid is mo den am, ach amháin nuair a thagann fear an phoist chuig an teach! Bíonn sé ag tafann go hard mar ní maith leis fear an phoist.

Bíonn sé ar **iall** ag Róisín nuair a théann siad amach ag siúl le chéile. Tá an bóthar in aice le teach Róisín an-dainséarach agus bíonn sí cúramach leis.

Uaireanta, bíonn peata Róisín chomh leisciúil le **muc**. Bíonn sé ina chodladh ó mhaidin go hoíche. Is maith leis bheith ag ithe freisin. Bíonn sé i gcónaí ag iarraidh dinnéar Róisín a ithe!

Bran is ainm do pheata Róisín agus tá sé aici ó bhí sé an-óg. Tá sé ar an bpeata is fearr ar domhan.



Ceisteanna

- 1. Cé mhéad cos atá ar pheata Róisín?**
 - (a) 0
 - (b) 2
 - (c) 4
- 2. Cén sórt peata atá ag Róisín?**
 - (a) Madra
 - (b) lasc órga
 - (c) Muc
- 3. Cé acu atá fíor?**
 - (a) Bíonn peata Róisín ag súgradh le fear an phoist
 - (b) Bíonn peata Róisín ciúin nuair a thagann fear an phoist
 - (c) Bíonn peata Róisín ag tafann nuair a thagann fear an phoist
- 4. Cén fáth a mbíonn peata Róisín ar iall aici?**
 - (a) Tá sé an-mhór
 - (b) Bíonn siad ag siúl in aice le bóthar dainséarach
 - (c) Is maith leis an iall
- 5. Is maith leis an bpeata dinnéar Róisín a ithe:**
 - (a) go minic.
 - (b) gach Luan.
 - (c) anois is arís.
- 6. Cé chomh fada atá an peata ag Róisín?**
 - (a) Ó bhí sé ina choileán
 - (b) Le cúpla seachtain
 - (c) Le bliain